*Cúrsa: "Digital Tax Education and Tax Payments" (Oideachas Cánach Digiteach agus Íocaíochtaí Cánach)*
*Ceachtanna do dhéagóirí*
***T03: "Beware of the Dark Side" (Fainic an Taobh Dorcha)***
***Cur síos ar an gceacht***

| | |
|---|---|
| **Pictiúr léiritheach** |  |
| **Teideal** | Fainic an Taobh Dorcha |
| **Cur síos gearr** | Is ábhar foghlama féinriartha ar líne an ceacht. Trí phríomhchuid atá ann:<br>• Roinn 1 – Cad is "Imghabháil Cánach" ann?<br>• Roinn 2 – An Geilleagar Dubh<br>• Roinn 3 – Féachaint chuige gur íoc tú do chuid cánach |
| **Sonraí** | **Aidhm:**<br>Beidh comhrá spéisiúil ag na déagóirí faoin nGeilleagar Dubh agus faoin tslí a mbaineann an Geilleagar Dubh an pingin dheireanach de réir a chéile as aon |

| | |
|---|---|
| | bhuiséad poiblí a mbíonn baint aige ionas go bhfágtar seirbhísí poiblí ar an ngannchuid.<br><br>**Cuspóirí:**<br>Is acmhainn úsáideach an ceacht seo ar féidir le múinteoirí é a mholadh mar ullmhúchán do rang ar Eitic. Is féidir liosta coincheap a thabhairt don fhoghlaimeoir, a bheidh le leanúint acu ó thús deireadh an cheachta, ar nós:<br>• Cad is Imghabháil Cánach ann agus conas is féidir liom í a sheachaint?<br>• Cad iad na torthaí a bhíonn ar "chleachtais amhrasacha cánach"?<br>• Conas a fhéachaim chuige gur íoc mé mo chuid cánach?<br>• Cad is Drogall i dtaca le Cánachas ann?<br><br>**Ábhair:**<br>Cúrsa "Beware of the Dark Side" (Fainic an Taobh Dorcha)<br>Clár bán idirghníomhach (nó díreach teilgeoir LCD)<br><br>**Foclóir:**<br>cánacha, cánachas, drogall, imghabháil cánach, cleachtais chánacha |
| **Conas an ceacht seo a úsáid** | **Céimeanna na gníomhaíochta:**<br><br>Is féidir an ceacht a úsáid mar ghníomhaíocht chomhdhlúthaithe, mar obair bhaile a thugtar tar éis cánacha a mhúineadh sa rang. Is féidir iarraidh ar na daltaí na quizeanna a dhéanamh agus a dtuairim a thabhairt ar chuid de na cásanna a chuirtear i láthair sa cheacht, a ghabhann leis na pléite agus leis na coincheapa a múineadh sa rang. Seo tascanna a d'fhéadfaí a thabhairt:<br>• Mínigh do dhéagóirí cad is brí leis an "nGeilleagar Dubh".<br>• Mínigh do dhéagóirí cad is drogall i dtaca le cánachas ann, agus gur rudaí éigeantacha iad cánach, ionas go gcomhlíontar riachtanais phoiblí.<br>• Déan anailís ar shamplaí chun an difríocht idir riachtanais phoiblí agus riachtanais phríobháideacha a mhíniú.<br>• Déan idirdhealú idir imghabháil cánach agus calaois chánach le gur féidir le déagóirí an tslí dhlíthiúil is fearr a roghnú lena gcuid cánacha a bhainistiú.<br>• Déan anailís do dhéagóirí ar shamplaí den Gheilleagar Dubh le go dtuigfidh siad conas is féidir é a throid.<br>• Mínigh do dhéagóirí conas is féidir eolas a fháil agus conas doiciméid chánach a réiteach.<br>• Mínigh do dhéagóirí conas is féidir strus ó chánacha a sheachaint.<br><br>**Clabhsúr:**<br>Is féidir le múinteoir an ceacht iomlán a mhúineadh, nó ranna de a roghnú, mar a oireann. Tríocha nóiméad a thógfaidh an ceacht, ar an meán. |
| **Catagóir** | Ceacht ríomhfhoghlama do dhéagóirí |
| **An príomh-** | 13 - 17 mbliana d'aois |

| | |
|---|---|
| **spriocghrúpa** | |
| **Topaicí gaolmhara scoile** | Eacnamaíocht, Eitic, Béarla mar an Dara Teanga, Eolaíochtaí an Duine |